Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Feabhra 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0017 (COD)**

**6117/19**
**ADD 3**

**CLIMA 40**
**ENV 111**
**MAR 25**
**MI 115**
**ONU 8**
**CODEC 310**
**IA 38**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Feabhra 2019 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2019) 11 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun aird iomchuí a thabhairt ar an gcóras domhanda bailithe sonraí le haghaidh sonraí faoi ídiú ola breosla long |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2019) 11 final.

---

Faoi iamh: SWD(2019) 11 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.2.2019
SWD(2019) 11 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun aird iomchuí a thabhairt ar an gcóras domhanda bailithe sonraí le haghaidh sonraí faoi ídiú ola breosla long**

{COM(2019) 38 final} - {SEC(2019) 20 final} - {SWD(2019) 10 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

## A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cad í an fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

De bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí $CO_2$ ó mhuiriompar ("MRV an Aontais"), tá sé beartaithe ag an gCoimisiún MRV an Aontais a leasú chun an aird iomchuí a thabhairt ar an gCóras domhanda Bailithe Sonraí le haghaidh ídiú breosla long a bhunaigh IMO.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Is é is aidhm dó an dá chóras MRV a chur chun feidhme go comhchuí, agus is é is aidhm dó freisin cuspóirí MRV an Aontais a chaomhnú, is é sin, bailiú sonraí astaíochtaí $CO_2$ cuimsitheacha fíoraithe a choimeád ar leibhéal na loinge aonair chun glacadh réiteach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh agus le go ndéanfar cinntí ceaptha beartas ar bhonn eolach amach anseo.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Áireofar leis an ngníomh atá beartaithe, trí thacar aonair ceanglas MRV a choinneáil ar leibhéal an Aontais, go leanfaidh sonraí i leith astaíochtaí $CO_2$ ó longa de bheith inchomparáide agus iontaofa.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a rinneadh a mheas? An bhfuil rogha tosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Agus ailíniú "rialachais" agus "tuairiscithe $CO_2$" curtha as an áireamh chun cuspóirí MRV an Aontais a chaomhnú, rinneadh measúnú ar 3 rogha beartais. Léiríodh le Rogha 1 cad a tharlódh mura ndéanfaí aon ghníomhaíocht. Le Rogha 2, rinneadh measúnú ar chásanna éagsúla cuíchóirithe chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí MRV an Aontais a chosaint. Léiríodh le Rogha 3 comhchuibhiú teicniúil iomlán an dá chóras.

I gcomhréir le Rogha 2, is é rogha na tosaíochta é an dá chóras a chuíchóiriú ó thaobh sainmhínithe, paraiméadair faireacháin, pleananna agus teimpléid faireacháin chun ualaigh riaracháin a laghdú, ach gan rialachas, raon feidhme, fíorúchán, trédhearcacht ná ceanglais tuairiscithe $CO_2$ a mhodhnú, agus é sin go léir chun cuspóirí MRV an Aontais a chaomhnú.

**Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?**

Tá Rogha 2 i gcomhréir leis na tosaíochtaí a luaigh an chuid is mó de na páirtithe leasmhara a ghlac páirt sa chomhairliúchán poiblí ar líne inar leagadh béim ar an ngá atá le gnéithe teicniúla a ailíniú. Mar sin féin, an cur chuige atá ag an Aontas maidir le fíorúchán agus trédhearcacht, tagann sé sin leis an seasamh atá ag an tsochaí shibhialta, an lucht léinn, na saoránaigh agus ag na Ballstáit.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Leis an rogha thosaíochta, caomhnaítear buntáistí MRV an Aontais ó thaobh tionchar ar an gcomhshaol, ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar de agus laghdaítear an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Leis an rogha thosaíochta, laghdaítear an t-ualach riaracháin agus na costais ghaolmhara do na longa sin a bhfuil orthu tuairisc a thabhairt faoi bhun an dá chóras MRV, agus laghdaítear sin trí roinnt gnéithe den dá chóras sin a chuíchóiriú.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Cé go rachaidh laghdú ar an ualach riaracháin chun tairbhe do ghnólachtaí atá faoi réir an dá chóras MRV, ní dhéanfaidh sé aon difear do 99% de FBManna muiriompair ar an ábhar nach dtagann longa atá níos lú ná 5000 GT faoi raon feidhme MRV an Aontais.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar riaracháin náisiúnta?**

Ní bheidh aon tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar riarachán, ó tharla go bhfuil córas MRV an

| |
|---|
| Aontais ann cheana féin. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé cur le ceanglais tuarascála na Bratstát. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Níor aithníodh aon tionchar suntasach eile. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Foráiltear go ndéanfar faireachán rialta trí bhíthin faisnéis i dtaca le raon táscairí a chuirfidh na Ballstáit ar fáil ar bhonn dhá bhliain. |